RIALACHÁN (AE) 2023/1510 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil chaidmiam sa chíb bhlasta agus i bhfungais shaothraithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún ([2]) socraítear uasleibhéil le haghaidh caidmiam i réimse earraí bia.

(2) An 30 Eanáir 2009, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir le caidmiam i mbia ([3]). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur don duán go príomha atá caidmiam tocsaineach, go háirithe do na cealla feadánacha neasacha, áit a mbailíonn sé le himeacht ama agus áit a bhféadfadh sé a bheith ina chúis le mífheidhmiú an duáin. I bhfianaise éifeachtaí tocsaineacha caidmiam ar na duáin, leag an tÚdarás iontógáil sheachtainiúil infhulaingthe síos le haghaidh caidmiam, is é sin 2,5 µg/kg meáchan coirp. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin gur rud gar don iontógáil sheachtainiúil infhulaingthe atá sa mheánteagmháil le haghaidh daoine fásta ar fud an Aontais nó go sáraíonn sé an iontógáil sin de bheagán. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhféadfadh foghrúpaí an iontógáil sheachtainiúil infhulaingthe a shárú de dhá oiread; feoilséantóirí, leanaí, lucht caite tobac, agus daoine atá ina gcónaí i gceantair atá thar a bheith éillithe, cuir i gcás. Dá bhrí sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur gá an teagmháil le caidmiam atá ann faoi láthair i measc an daonra a laghdú. Tar éis dó an tuairim eolaíoch sin a fháil, d'eisigh an tÚdarás tuarascáil eolaíochta an 17 Eanáir 2012, tuarascáil inar dheimhnigh sé go bhféadfadh leanaí agus daoine fásta ar theagmháil an 95ú peircintíl na luachanna treoraíochta sláintebhunaithe a shárú ([4]).

(3) Agus tuairim eolaíoch agus tuarascáil eolaíoch an Údaráis á gcur san áireamh, leagadh síos uasleibhéil nua le haghaidh caidmiam i mbianna do naíonáin agus i dtáirgí seacláide/cócó faoi Rialachán (AE) Uimh. 488/2014 ón gCoimisiún ([5]). Glacadh Moladh 2014/193/AE ón gCoimisiún ([6]), moladh inar iarradh ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfí na modhanna maolaithe atá ar fáil cheana in iúl d'fheirmeoirí agus go gcuirfí chun cinn iad i measc na bhfeirmeoirí agus go dtosófaí á gcur chun feidhme nó go leanfaí á gcur chun feidhme, mar aon le faireachán tráthrialta a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeart maolaithe trí shonraí tarluithe maidir le leibhéil chaidmiam in earraí bia a bhailiú agus na sonraí a thuairisciú, go háirithe maidir le leibhéil chaidmiam atá gar do na huasleibhéil nó atá níos airde ná sin, faoi mhí Feabhra 2018.

(4) Ar bhonn na sonraí tarluithe a bailíodh tar éis na bearta maolaithe a chur chun feidhme, trí bhíthin Rialachán (AE) 2021/1323 ón gCoimisiún ([7]) laghdaíodh na huasleibhéil le haghaidh caidmiam i réimse leathan bianna.

([1]) IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

([3]) Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); *Scientific opinion on cadmium in food* [Tuairim eolaíoch maidir le caidmiam i mbia]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2009(980) 1-139, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2009.980.

([4]) *Scientific Report of EFSA on Cadmium dietary exposure in the European population* [Tuarascáil eolaíochta EFSA maidir leis an teagmháil chothúcháin le caidmiam i measc dhaonra na hEorpa]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2012;10(1), 2551 [37 lch.], https://doi.org/10.2903/j.efsa.2012.2551.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 488/2014 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil chaidmiam in earraí bia (IO L 138, 13.5.2014, lch. 75).

([6]) Moladh 2014/193/AE ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2014 maidir le láithreacht chaidmiam in earraí bia a laghdú (IO L 104, 8.4.2014, lch. 80).

([7]) Rialachán (AE) 2021/1323 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le leibhéil uasta chaidmiam in earraí bia áirithe (IO L 288, 11.8.2021, lch. 13).

(5) Ó foilsíodh Rialachán (AE) 2021/1323, tá sonraí tarluithe nua ar fáil maidir leis an gcíb bhlasta agus maidir le roinnt speicis d'fhungais shaothraithe is lú a itear.

(6) Tá feidhm ag an uasleibhéal le haghaidh caidmiam i raidisí maidir leis an gcíb bhlasta, leibhéal a laghdaíodh le Rialachán (AE) 2021/1323 ó 0,10 go 0,020 mg/kg. Laghdaíodh an t-uasleibhéal sin ar bhonn na sonraí tarluithe a bhí ar fáil an tráth sin maidir leis na speicis is mó a itear laistigh den ghrúpa tráchtearraí raidisí (*Raphanus sativus* var. *sativus*). Mar sin féin, idir an dá linn tá sonraí tarluithe níos nuaí ar fáil maidir leis an gcíb bhlasta go sonrach, rud a léiríonn go bhfuil tiúchan níos airde caidmiam sa chíb bhlasta ná atá i raidisí eile. Dá bhrí sin, is léir anois nach bhfuil an t-uasleibhéal a leagadh síos le haghaidh caidmiam sa chíb bhlasta i gcomhréir leis an bprionsabal 'Chomh hÍseal agus is Indéanta le Réasún (ALARA)'. Thairis sin agus i bhfianaise mhéid íseal tomhaltais na cíbe blasta, ní chuireann sí ach beagán le teagmháil tomhaltóirí le caidmiam.

(7) Le Rialachán (AE) 2021/1323 laghdaíodh na huasleibhéil le haghaidh fungais shaothraithe ó 0,20 mg/kg le haghaidh *Agaricus bisporus*, *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus* agus ó 1,0 mg/kg le haghaidh fungais shaothraithe eile go 0,15 mg/kg le haghaidh *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus*, agus go 0,050 mg/kg le haghaidh na bhfungas saothraithe eile uile, lena n-áirítear *Agaricus bisporus*. Laghdaíodh an t-uasleibhéal le haghaidh fungais shaothraithe seachas *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus* ar bhonn na sonraí tarluithe a bhí ar fáil an tráth sin maidir leis na speicis is mó a itear den ghrúpa tráchtearraí sin (*Agaricus bisporus*). Mar sin féin, idir an dá linn tá sonraí tarluithe níos nuaí ar fáil maidir le roinnt speicis shonracha d'fhungais shaothraithe is lú a itear ná *Agaricus bisporus*, *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus*, rud a léiríonn go bhfuil tiúchan níos airde caidmiam iontu ná atá in *Agaricus bisporus*. Dá bhrí sin, is léir anois nach bhfuil an t-uasleibhéal a leagadh síos le haghaidh caidmiam i bhfungais shaothraithe seachas *Agaricus bisporus*, *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus* i gcomhréir leis an bprionsabal 'ALARA'. Thairis sin, ós rud é gurb iad na speicis *Agaricus bisporus*, *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus* an sciar is mó de mhéid iomlán na bhfungas a itear san Aontas, ní chuireann fungais shaothraithe eile ach beagán le rannchuidiú na bhfungas saothraithe eile le teagmháil tomhaltóirí le caidmiam.

(8) Chun an prionsabal 'ALARA' a chur san áireamh agus rátaí neamhchomhlíontachta díréireacha a sheachaint maidir leis an gcíb bhlasta agus fungais shaothraithe seachas *Agaricus bisporus*, *Lentinula edodes* agus *Pleurotus ostreatus*, agus ardleibhéal sábháilteachta bia á choinneáil, ba cheart na huasleibhéil le haghaidh caidmiam sna speicis sin a mhéadú.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Roinn 3 (Miotail agus eilimintí eile), foroinn 3.2. (Caidmiam), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 3.2.2.:

‘3.2.2.	Glasraí fréimhe agus tiúbair		Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an meáchan fliuch. Tá feidhm ag an uasleibhéal tar éis an chuid inite a ní agus a scaradh.
3.2.2.1.	Glasraí fréimhe agus tiúbair, seachas na táirgí a liostaítear in 3.2.2.2., 3.2.2.3., 3.2.2.4., 3.2.2.5., 3.2.2.6. agus 3.2.2.7.	0,10	Maidir le prátaí, tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le prátaí scafa.’
3.2.2.2.	Meacain bhiatais	0,060	
3.2.2.3.	Soiliriac	0,15	
3.2.2.4.	Raidis fhiáin, meacain bhána, salsabh	0,20	
3.2.2.5.	Raidisí seachas an chíb bhlasta	0,020	
3.2.2.6.	An chíb bhlasta	0,10	
3.2.2.7.	Fréamhacha agus tiúbair thrópaiceacha, fréamhacha peirsile, tornapaí	0,050	

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 3.2.9.:

‘3.2.9.	Fungais		Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an meáchan fliuch. Tá feidhm ag an uasleibhéal tar éis an chuid inite a ní agus a scaradh.’
3.2.9.1.	*Agaricus bisporus*	0,050	
3.2.9.2.	Fungais shaothraithe seachas *Agaricus bisporus*	0,15	
3.2.9.3.	Fungais fhiáine	0,50	